



2025/2182

28.10.2025

CINNEADH (AE) 2025/2182 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 16 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh BCE/2010/14 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus a chur ar ais i gcúrsaíocht (BCE/2025/36)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 128(1) de,

Ag féachaint do Reachta Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) atá an ceart eisiach eisiúint nótaí bainc euro laistigh den Aontas a údarú faoin gConradh. Áirítear leis an gceart sin an inniúlacht bearta a dhéanamh chun sláine nótaí bainc euro a chosaint mar mhodh íocaíochta agus mar stór luacha. Le Cinneadh BCE/2010/14 ón mBanc Ceannais Eorpach, leagtar síos⁽¹⁾ rialacha agus nósanna imeachta coiteanna maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus a chur ar ais i gcúrsaíocht. I bhfianaise na taithí a fuarthas agus Cinneadh BCE/2010/14 á chur i bhfeidhm, tá gá le roinnt feabhsuithe breise ar rialacha agus nósanna imeachta áirithe.
- (2) Tá sé d'oibleagáid ar láimhseálaithe airgid thirim nótaí bainc euro góchumtha a bhfuil amhras fúthu a thabhairt ar láimh lena bhfiordheimhniú do na húdaráis inniúla náisiúnta láithreach, 20 lá oibre ar a dhéanaí tar éis dóibh a bheith taiscthe i meaisín láimhseála nótaí bainc. Mar sin féin, i roinnt Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, is minic a fhíordheimhníonn na húdaráis inniúla náisiúnta céatadán ard de na nótaí bainc euro sin mar fhíorchéatadán. Dá bhrí sin, tá líon ard fíor-nótaí bainc euro á sheoladh gan ghá chuig na húdaráis inniúla náisiúnta le haghaidh tuilleadh anailíse, rud a fhágann go mbíonn moill neamhriachtanach ann maidir leis an méid comhfhreagrach a chreidiúnú don sealbhóir cuntais. Dá bhrí sin, is gá cumhacht a thabhairt do bhainc cheannais náisiúnta (BCNanna) na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha, athphróiseáil nótaí bainc euro góchumtha amhrasta ag láimhseálaithe airgid thirim a údarú. Nuair a aicmíonn an chéad agus an dara meaisín láimhseála nótaí bainc euro mar nótaí bainc euro góchumtha amhrasta, ba cheart do láimhseálaithe airgid thirim iad a thabhairt ar láimh do na húdaráis náisiúnta inniúla. Na nótaí bainc euro atá aicmithe mar nótaí bainc euro góchumtha amhrasta ag an gcéad mheaisín láimhseála nótaí bainc, ba cheart iad a bhaint de chúrsaíocht, gan beann ar a n-aicmiú ag an dara meaisín láimhseála.
- (3) Ceanglaítear ar láimhseálaithe airgid thirim nótaí bainc euro góchumtha a bhfuil amhras fúthu a thabhairt ar láimh do na húdaráis inniúla náisiúnta agus an fhaisnéis atá ar fáil a bhaineann le sealbhóir an chuntais a sholáthar dóibh Is gá a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag an oibleagáid dheireanach sin ní hamháin i gcásanna ina n-aicmítear nótaí bainc in euro le meaisíní a oibríonn custaiméirí, ach freisin i gcásanna ina n-aicmítear nótaí bainc euro tar éis seiceáil barántúlachta de láimh a bheith déanta ag ball foirne oilte.
- (4) Ar mhaithe le soiléireacht agus le héifeachtúlacht, is gá foclaíocht Airteagal 5 a ailíniú le foclaíocht Iarscríbhinní IIa agus IIb a ghabhann leis an gCinneadh.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh BCE/2010/14 a leasú dá réir,

⁽¹⁾ Féach Cinneadh BCE/2010/14 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Meán Fómhair 2010 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus a chur ar ais i gcúrsaíocht (IO L 267, 9.10.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2010/597/oj>).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh BCE/2010/14 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

‘Airteagal 5

Nótaí bainc euro góchumtha a bhrath

Maidir le nótaí bainc euro góchumtha amhrasta agus nótaí bainc euro nach bhfuil fiordheimhnithe go soiléir tar éis aicmiú a dhéantar de réir larscríbhinn IIa nó IIb nó tar éis seiceáil barántúlachta láimhe ag ball foirne oilte láithreach, de réir na rialachán náisiúnta agus in aon chás laistigh de 20 lá oibre ar a mhéad, déanfaidh láimhseálaithe airgid thirim iad a thabhairt ar láimh do na húdaráis náisiúnta inniúla, nó don BCN, faoi seach. Déanfar nótaí bainc euro góchumtha amhrasta a thabhairt ar láimh in éineacht leis an bhfaisnéis uile atá ar fáil a bhaineann leis an sealbhóir cuntais.’;

- (2) Leasaítear larscríbhinní IIa agus IIb i gcomhréir leis an larscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Forálacha deiridh

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Cuirfidh láimhseálaithe airgid thirim na mBallstát a ghlacann an euro tar éis an dáta ar glacadh an Cinneadh seo i bhfeidhm é ón dáta a nglacfar an euro.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 16 Deireadh Fómhair 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní Ila agus IIb a ghabhann le Cinneadh BCE/2010/14 mar a leanas:

1. Leasaítear Iarscríbhinn Ila mar a leanas:

- (a) cuirtear an mhír 4 seo a leanas isteach faoi Thábla 1, faoin gceannteideal 'Rialacha sonracha maidir le Tábla 1':

'4. Féadfaidh BCNanna, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta inniúla, athphróiseáil nótaí bainc euro de chatagóir 2 ag láimhseálaithe airgid thirim a údarú. Ní mór don BCN údarú den sórt sin a fhoilsiú go cuí. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh láimhseálaithe airgid thirim nótaí bainc euro de chatagóir 2 a athphróiseáil ach amháin i gcás ina bhfuil sé údaraithe ag BCN a mBallstáit athphróiseáil a dhéanamh. Ní mór don athphróiseáil na rialacha seo a leanas a chomhlíonadh.

Féadfar nótaí bainc euro de chatagóir 2 a athphróiseáil ar aon chineál meaisín láimhseála nótaí bainc ar éirigh tástáil rathúil leis. Glactar leis ansin gur aicmíodh na nótaí bainc sin leis an dara meaisín láimhseála nótaí bainc, de réir na rialacha atá leagtha síos i dTábla 1. De mhaolú ar na rialacha a leagtar síos i dTábla 1, ní fhéadfar nótaí bainc euro de chatagóir 2 bunaidh a aicmítear mar nótaí bainc euro de chatagóir 4a ag an dara meaisín láimhseála nótaí bainc a úsáid lena gcur ar ais i gcúrsaíocht. Nótaí bainc euro de chatagóir 2 bunaidh a aicmítear mar nótaí bainc euro de chatagóir 4a nó de chatagóir 4b ag an dara meaisín láimhseála nótaí bainc, ní mór iad a thabhairt ar láimh don BCN go pras tar éis iad a athphróiseáil agus a aicmiú leis an dara meaisín láimhseála nótaí bainc.';

- (b) cuirtear an mhír 4 seo a leanas isteach faoi Thábla 2, faoin gceannteideal 'Rialacha sonracha maidir le Tábla 2':

'4. Féadfaidh BCNanna, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta inniúla, athphróiseáil nótaí bainc euro de chatagóir 2 ag láimhseálaithe airgid thirim a údarú. Ní mór don BCN údarú den sórt sin a fhoilsiú go cuí. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh láimhseálaithe airgid thirim nótaí bainc euro de chatagóir 2 a athphróiseáil ach amháin i gcás ina bhfuil sé údaraithe ag BCN a mBallstáit athphróiseáil a dhéanamh. Ní mór don athphróiseáil na rialacha seo a leanas a chomhlíonadh.

Féadfar nótaí bainc euro de chatagóir 2 a athphróiseáil ar aon chineál meaisín láimhseála nótaí bainc ar éirigh tástáil rathúil leis. Glactar leis ansin gur aicmíodh na nótaí bainc sin leis an dara meaisín láimhseála nótaí bainc, de réir na rialacha atá leagtha síos i dTábla 2. De mhaolú ar na rialacha a leagtar síos i dTábla 2, ní mór inrianaitheacht na nótaí bainc EUR 2 bunaidh chuig an sealbhóir cuntais bunaidh (má tá siad ar fáil) a choinneáil ar bun freisin i gcás ina n-aicmíonn an dara meaisín láimhseála nótaí bainc na nótaí bainc sin mar nótaí bainc euro de chatagóir 3. Ina theannta sin, ní ceadmhach nótaí bainc euro de chatagóir 2 bunaidh a aicmítear mar nótaí bainc euro de chatagóir 4a ag an dara meaisín láimhseála nótaí bainc a úsáid lena gcur ar ais i gcúrsaíocht. Nótaí bainc euro de chatagóir 2 bunaidh a aicmítear mar nótaí bainc euro de chatagóir 4a nó de chatagóir 4b ag an dara meaisín láimhseála nótaí bainc, ní mór iad a thabhairt ar láimh don BCN go pras tar éis iad a athphróiseáil agus a aicmiú leis an dara meaisín láimhseála nótaí bainc.';

2. in Iarscríbhinn IIb, i dTábla 1, faoin gcolún 'Cóireáil', an dara sraith, cuirtear 'Déantar iad sin a phróiseáil ar leithligh agus a thabhairt ar láimh do na húdaráis inniúla náisiúnta le haghaidh fiordheimhniú deiridh láithreach, 20 lá oibre ar a dhéanaí tar éis próiseála an mheaisín' in ionad na habairte 'Déantar iad sin a phróiseáil ar leithligh agus a thabhairt ar láimh do na húdaráis inniúla náisiúnta le haghaidh fiordheimhniú deiridh láithreach, 20 lá oibre ar a dhéanaí tar éis próiseála an mheaisín, mar aon le faisnéis a bhaineann leis an sealbhóir cuntais, má tá sí ar fáil.'